Iris Oifigiúil
an Aontais Eorpaigh

GA
Sraith C

C/2025/5318

13.10.2025

# Iarraidh ar réamhrialú ón Tribunale amministrativo regionale per la Lombardia (an Iodáil) a taisceadh an 22 Iúil 2025 – Acciaierie d'Italia SpA, in amministrazione straordinaria v Cassa per i servizi energetici e ambientali (CSEA)

**(Cás C-503/25, Acciaierie d'Italia)**

(C/2025/5318)

*Teanga an cháis: an Iodáilis*

## An chúirt a rinne an tarchur

Tribunale amministrativo regionale per la Lombardia

## Páirtithe sna príomhimeachtaí

*Iarratasóir:* Acciaierie d'Italia SpA, in amministrazione straordinaria

*Cosantóir:* Cassa per i servizi energetici e ambientali (CSEA)

## An cheist a tharchuirtear:

Ar cheart Airteagal 107(3)(c) CFAE agus na Treoirlínte maidir le cabhair chun teacht i gcabhair ar ghnóthais atá i gcruachás a léiriú ar chaoi go gcuirtear cosc leis ar reachtaíocht náisiúnta amhail an reachtaíocht lena bhforáiltear d'eisiamh gnóthas atá faoi riarachán urghnách de réir bhrí Airteagal 2 de decreto legge n. 347 del 2003 [Dlí Foraithne Uimh. 347/2003] ó rochtain ar na buntáistí a sholáthraítear do ghnóthais a bhfuil ardtomhaltas gáis nádúrtha acu de réir bhrí fhorálacha comhcheangailte Airteagal 21 de legge n. 167 del 2017 [Dlí Uimh. 167/2017] agus Airteagal 1(3) decreto ministeriale n. 541 del 2022 [Foraithne Aireachta Uimh. 541/2022]?